

Ag bogadh plandaí ón seomra ranga go dtí an garraí



Tráth Bliana

Aibreán go Meitheamh.

Cuspóir

Glasraí, bláthanna & luibheanna a cuireadh sa seomra ranga a athrú amach taobh amuigh.

An bhaint le Gnéithe Éagsúla den Churaclam

OSIE:

Matamaitic:

Litearthacht:

Ealaíon:

An Curaclam Neamhfhoirmiúil:

Dúile beo, feasacht & cúram imshaoil, taifeadadh, breathnú.

Tomhas, comhaireamh, meastachán, taifeadadh, foghlaim ghníomhach.

Scribhneoireacht, litriú.

Léarscáil de na huainíochta a tharraingt, comharthaí a dhéanamh.

Food Dudes, Bia Sláintiúil, Discover Primary Science.



1

Acmhainní atá de dhíth

Plandaí a cuireadh sa seomra ranga; láí, pící, lián láimhe, miotóga; múirín gan mhóin nó a déanadh sa bhaile/aoileach atá aimlithe go maith; cipíní líreacáin, saileach nó bambú mar thaca le plandaí; ruaig, lipéidí, buidéal phlaisteacha gearrtha ina leath; comharthaí do gach glasa.

3

Nótaí

- Déan 'cruachan' ar na plandaí óga a cuireadh sa seomra ranga san Aibreán agus luath i mí an Mheithimh. Is éard atá i gceist le cruachan ná go leagtar na plandaí taobh amuigh ar maidin agus tugtar isteach iad sula ndúnann an scoil. Déan é seo ar feadh seachtaine nó coicíse sa chaoi is go rachaidh siad i gcleachtadh ar an saol lasmuigh.
- Bheadh sé iontach dá bhféadfaí cruachan a dhéanamh ar na plandaí i 'bhfráma fuar' san Aibreán agus i mí an Mheithimh. Ní bheadh gá iad a thabhairt isteach agus amach gach lá.
- Ag brath ar an aimsir, tosaigh ag cur na bplandaí óga taobh amuigh ó Aibreán go Meithimh. Fan go dtí mí an Mheithimh má bhíonn sioc nó aimsir fhuar ann.
- Clúdaigh na plandaí óga le buidéal phlaisteacha nó le heangach nó le lomna má bhíonn sioc ann.
- Déan go réidh leis na síológa. Go minic nuair a bhítear ag tógáil an phlanda amach as an bpotá agus á chur sa talamh a tharlaíonn damáiste do phlandaí. Taispeáin do do rang conas na síológa a thógáil amach as na potaí go cúramach agus iad a chur sa talamh.
- Is féidir síolta a cuireadh i bpotá in-bhithmhille nó i rollaí páipéar leithris a chur i gcoimeádáin mar go lobhadh siad san ithir.
- Coinnigh taifead ar a bhfuil tú a chur trí léarscáil a tharraingt de na hiomairí glasaí i do dhialann gairdín agus í a chur in airde ar chlár fógraí na scoile.

2

Tograí Taighde

Matamaitic – Tomhas agus coinneigh taifead ar chomh tapa is atá plandaí éagsúla ag fás.

OSIE – Déan taighde ar conas mar a fhásann piseanna agus pónairí suas ar thaca plandaí.

Oidhreacht Áitiúil – Déan taighde ar na seanchineálacha glasaí a d'fhéadfaí a chur.

Ealaíon/Cumarsáid – Déan comharthaí do na glasaí, tarraing léarscáil do na ceapach taobh amuigh do chlár na bhfógraí.

Ag Coinneáil Uisce – Bailigh uisce báistí don gharraí glasaí in acmhainn coinneála uisce.

Taighde ar fhocail nua:

**CRUACHAN, TRASPHLANDÚ,
FRÁMA FUAR, CUR LE, TEANNÓGA**

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board



Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Ag bogadh plandaí ón seomra ranga go dtí an garraí

Ag bogadh plandaí ón seomra ranga go dtí an garraí ar lean.

Sláinte & Sábháilteacht

Fan le do ghrúpa. Bí cúramach le huirlisí.
Nigh do lámha i ndiaidh gach seisiúin sa gharraí.




4

Conas na síológa glasraí a taobh amuigh

Piseanna

- Réitigh an ceapach, bain an móta plaisteach dó nó glan aon salachar a bheadh ann.
- Cuir roinnt muirín air, feamainn nó aoileach atá aimlithe go maith.
- Marcáil na hiomairí le cipíní agus fág spás 15cm idir na hiomairí.
- Déan poll beag le do lián agus measc isteach glac muiríne.
- Bain an planda as an bpota agus cur sa pholl é.
- Déan fál piseanna (taca don phlanda) as saileach nó bambú chun tacú le géaga nó le 'teannóga' atá ag fás. Fásann piseanna go maith in aghaidh fála.
- Ceangal go scaoilte na gais atá ag fás don taka de réir mar a bheidh sé ag fás.



Sailéid Ilchinéalacha & leitisi

- Lean céimeanna 1-4 thuas – bíodh spás 15-25cm idir na plandaí agus 30cm idir iomairí.
- Is féidir iad a chur chomh maith idir glasraí eile ar nós oinniúin agus gairleog.
- Ag an tús, cuir leath bhuidéal plaisteach os cionn an phlanda chun é a chosaint ó sheillidí.



Lusanna na Gréine

- Lean céimeanna 1-4 thuas arís. Is féidir lusanna na gréine a chur in áiteanna éagsúla sa ghairdín.
- Cuir iad in áit a mbeidh aghaidh na gréine acu, cuir taka le lus na gréine nuair a bhíonn siad 600 – 900mm ar airde.



Puimcíní

- Lean céimeanna 1-4 thuas ach bíodh spás de 1 méadar eatarthu.
- Teastaíonn go leor spáis uathu le fás agus is féidir iad a chur in aghaidh fála.

Pónairí leathana agus reatha

- Lean céimeanna 1-4 thuas, braitheann an spás ar an gcineál pónaire.
- Bíonn 15-20cm idir plandaí na bpónairí leathana agus 60-90cm idir iomairí.
- Teastaíonn maidí ingearacha agus ruaig chun taka a chur le pónairí leathana.
- Bíonn 15-25cm idir plandaí na bpónairí reatha agus suas le 60-90cm idir na hiomairí.
- Fásann pónairí reatha in aghaidh cuailí agus fála. Is féidir iad a chur in iomairí nó i gcorcal le taka ó fhál nó ó típí.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board



Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Ag bogadh plandaí ón seomra ranga go dtí an garraí

Ag bogadh plandaí ón seomra ranga go dtí an garraí ar lean.

Sláinte & Sábháilteacht

Fan le do ghrúpa. Bí cúramach le huirlisí.
Nigh do lámha i ndiaidh gach seisiúin sa gharraí.



4

Conas na síológa glasraí a taobh amuigh contd.

Trátaí


- Tá cineálacha éasgúla ann- ard, íseal agus tor.
- Lean céimeanna 1-4 thuas, ach bíodh 30-40cm idir na plandaí agus 60-90cm idir iomairí más é an cineál ard atá tú a chur.
- Fásfaidh siad níos fearr istigh, i bpota mór ar aghaidh na gréine, nó i dtollán ach bain triáil astu in iomairí taobh amuigh freisin (fásann an cineál Old Sod ó Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann go maith taobh amuigh i ngarraí le foscadh).
- Teastóidh taca slaite agus ruaig uathu.

Spionáiste

- Lean céimeanna 1-4 thuas, ach bíodh spás de 15-30cm idir plandaí agus suas le 30cm idir iomairí.

Oinniún Earraigh (scailliúin)

- Lean céimeanna 1-4 mar thuas, ach bíodh spás de suas le 15cm idir plandaí agus suas le 30cm idir iomairí.
- Is féidir iad a chur i measc leitísí agus plandaí spionáiste.



5

Conas luibheanna & bláthanna a cuireadh sa seomra ranga a chur taobh amuigh

- Déan 'cruachan' ar luibheanna agus ar bhláthanna óga amach san Aibreán/nó ag tús mhí an Mheithimh.
- Marcáil an áit atá le cur – déan ceapach ardaithe mar atá sa bhileog oibre ar cheapacha ardaithe. Is féidir é seo a dhéanamh i gceann de phríomhcheapacha atá sa gharraí glasraí nó in áit eile ar thailte na scoile.
- Leag na potaí san áit a mbeidh siad le cur.
- Is féidir leis na leanaí (ag obair ina mbeirteanna) poll níos mó ná an pota a dhéanamh.
- Cuir múirín nó greanchloch sa pholl agus measc leis an ithir é.
- Tóg an planda amach as an bpota go cúramach agus leag sa pholl é.
- Clúdaigh le hithir agus brú síos go réidh air agus scaoil uisce ar na luibheanna.
- Nuair a bheidh siad curtha, cuir móta a bhfuil myopex nó plaisteach dubh orthu. Clúdaigh é sin arís le móta coirte. Cuideoidh sé len é a choinneáil glan ó shalachar.
- Cuir lipéad ar na luibheanna ar fad. Déan comharthaí agus tarraing léarscáil do chlár fógraí na scoile.



Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board



Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Ag bogadh plandaí ón seomra ranga go dtí an garraí